Cé a mharaigh Seán Óg?

Bhí Sean Óg MacSuibhne ag tiomáint sa charr lena leannán, Vicky Radford. Nuair a shroicheadar áit chónaithe Vicky i Ballymount Bay, California, bhuail an carr cat a bhí ag trasnú an bhóthair. Stop siad go tobann. Bhí an cat marbh. Tháinig úinéir an chait amach agus thosaigh sí ag gol. Bhí Sean agus Vicky leathscéalach agus chuir siad iad féin in aithne di. Granny Sniffits ab ainm di féin agus thug sí cuireadh dóibh teacht isteach agus cupán tae a bheith acu léi. Nuair a shiúl siad isteach an doras tharraing Granny Sniffets scian búistéara orthu...
Tharraing GS an scian orthu agus bhuail sí Seán Óg leis. Thit sé ina cnap, gan aithne gan urlabhra. Rith Vicky síos staighre go heaglach ach thit sí trí thimpiste agus ghortaigh sí a cos go dona.Fágadh í ag bun an staighre agus a cos briste. Lean GS go mall í agus sháigh sí an scian i gcolann an cailín óg.
Bhí an t-adh dearg le Vicky áfach, mar bhí sí fós beo agus chuir sí glaoch ar na póilíní áitiúla. Nuair a thainig siad ní raibh rian do Granny Sniffits in aon áit. Bhí an t-otharcharr ró-dhéanach do Sheán bocht agus cailleadh é ar an mbealach go dtí an ospidéal. Bhí Vicky ag cur fola go trom agus bhí sí gortaithe go dona. Bhí sé deacar ar na póilíní í a aithint fiú. Tugadh corp Sheáin go dtí an marbhlann agus rinne na doctúirí scrúdú iarbháis air. Bhí feabhas ar Vicky tar eis dul faoin scian.

Tar éis cúpla mhí a chaitheamh san ospidéal, tháinig cara Vicky, Ronnie Baxter, ar cuairt chuici. Bhíodar ag caint faoin eachtra le Granny Sniffits. Tar eis tamall d'imigh Ronnie mar bhí tuirse ar Vicky. Thosaigh sí ag smaoineamh ar ar tharla dá cara agus bheartaigh sí iarracht a dhéanamh ar Granny Sniffits a aimsiú. Ba ghníomhaire í leis an CIA. D'fhill sí ar cheannceathrú an CIA i Langley, Virginia agus rinne sí cuardach ríomhaireachta ar Granny Sniffits – ach níor aimsigh sí eolas ar bith uirthi. Rinne sí cuardach casta agus tháinig sí ar leid thábhachtach. Rinne sí tuilleadh fiosrú agus chreid sí go raibh briseadh aici sa chás. Tháinig sí ar ainm Mohammed Doyle, a raibh gaol éigin aige le muintir Sniffits i gCalifornia. Le tuilleadh fiosrú tháinig Ronnie ar phictiúr do Granny Sniffits cosúil le ceann a thógadh gar do láthair na coire i Ballymount Bay. Bhí an-cosúileacht idir an bheirt.
Chuaigh Ronnie go dtí an seoladh a bhí ar an ríomhaire. Chuir sí agallamh ar Mohammed. B' amhrastach coiriúil anois é. I rith an chomhrá, ghabh Ronnie a leithscéal

agus chuaigh sí go dtí an leithreas. Bhí sí ag breathnú timpeall uirthi féin, fé mar a dhéanann bleachtaireacht mhaith i gcónaí. Chonaic sí doras agus “Fan Amach” scríofa air. Chuaigh sí isteach agus i lár an tseomra bhí culaith éadaigh Granny Sniffits ag crochadh ann. Thuig sí láithreach go raibh an freagra aici. Chuir sí glaoch ar na póilíní ag lorg cabhrach. D’fhill sí ar sheomra Mohammed agus ní dúirt sí faic i leith an tseomra.

I gceann tamall bhig bhris na póilíní armáilte isteach agus ghabh siad an dúnmharfóir. Fear a mharaigh Seán Óg i ndeireadh an lae.